Cúrsaí Spóirt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi chúrsaí C.L.G (Cumann Lúthchleas Gael) na seachtaine seo caite.
Bí ag obair leis an duine in aice leat.

An bhfuil aon rud ar eolas agaibh faoin aighneas i gcúrsaí iomána na Gaillimhe?
An bhfuil aon eolas agat faoi bhunú an C.L.G.?
An bhfuil cúrsaí C.L.G fós tábhachtach dar leat?

Ceist 2 Ceangail na téarmaí Gaeilge ar chlé leis na téarmaí Béarla ar dheis agus ansin, cuardaigh na téarmaí Gaeilge sa Lúbra. D'fhéadfadh na focail a bheith ag dul siar, ar uillinn, nó a bheith bun os cionn.

1. Cathaoirleach	a. Champions
2. Ceanncheathrú	b. Headquarters
3. Comhairle	c. Organized (past tense)
4. Craoladh	d. Semi-Final
5. Eagraíodh	e. Hero
6. Gradam	f. Broadcast
7. Laoch	g. Council
8. Leathcheannais	h. President
9. Seaimpíní	i. Chairperson
10. Uachtarán	j. Award

Lúbra

U Z K B L C Q U W G W K Q Q Y U S G Í
P A P K K R H C O A L L U Y S A R L N
R N C Q L A E A G R A Í O D H A E W Í
U O T H Z O K T C M U K A L D A Z R P
A E W E T L L K R L P G S A T C W D M
H D R O C A L G M J R A M H I Y E B I
P C U Q T D R P B G U Z C O D F X P A
A Z A K V H I Á I X T H E B E C B C E
F N I E R S W H N C E O C K L T D R S
Z L J J L F F U Y A Y T I J S E M F M
I Z V R Y R Y S N W B A W T L V M C F
A L B B N B I N B X U D J R L A B U W
Z T J P T A A O K E V E I V Q U V N Q
P A H O S I N R A C C A I K T U P V B
I R Q M S T N Y G H H U D O M B K L W
A J M G N H Q L F M T K Z T U R J B R
Y E V V E J X D O C P A S M Y W V O P
Ú R H T A E H C N N A E C G O U Z Z W
K N P V U A K S G R O Y T Q R B E F K

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus líon isteach na bearnaí leis na téarmaí atá sa chló iodálach thíos.

Agus ar _____ bhí craoladh mór cláir agus cluichí mar a chonaic sibh b'fhéidir ar an_____ seo inné do chomórtas bhunú C.L.G céad fiche is a cúig bliain ó shin. Mar chuid de eagraíodh comórtas lucht féachana agus_____ iomána agus peile, féachaint beirt laoch le cúig bliana fichid anuas a roghnú. Inné i Staid Semple bhí_____ TG4 Pól Ó Gallachóir, Uachtarán C.L.G. Christy Cooney agus cathaoirleach na moltóirí, an _____ Mícheál Ó Muircheartaigh i láthair leis an mbronnadh a dhéanamh. San iománaíocht, ní nach ionadh is é réalt Sheamróga Bhaile hÉil agus Chill Chainnigh, Henry Shefflin a _____. Ní raibh an 'Rí' é féin ann ach ghlac deirfiúr leis, Aileen Shefflin leis an_____ ar a shon. Bhí Henry sa bhaile ag tabhairt aire dá bhean chéile, Deirdre agus don phaistín fir a saolaíodh dóibh Dé hAoine seo caite.

craoltóir, deireadh, ngradam, stáisiún, príomhfheidhmeannach, roghnaíodh, saineolaithe.

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cén lá a bhí socraithe don choimhlint idir Port Omna agus Baile Locha Riach?

2. Cé mhéad bliana ó shin ar bunaíodh an C.L.G.?

3. Cén triúr a bhí i láthair chun an bronnadh a dhéanamh?

4. Cén club lena n-imríonn Henry Shefflin?

5. Cén contae arb as do Jack O'Shea?

Ceist 5 "fear a bhuaigh *seacht mbonn* uile Éireann"

Cén fath a bhfuil urú tar éis seacht? Pléigh é seo leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte, cabhróidh an teagascóir libh.

Anois, ceartaigh na focail atá sna lúibíní, más gá.

1. Níl aon chóta agam ach tá trí (cóta) ag mo mháthair.

2. Phéinteáil mé (bó) amháin agus caora amháin sa rang ealaíona.

3. Bhuaigh mé ocht (céad) euro sa chrannchur náisiúnta.

4. Tá dhá (pota) cócaireachta agam i mo chistin.

5. Dúirt an siopadóir go bhfuil ceithre (cathaoir) agus ocht (fuinneog) fágtha aige.

6. Déan do chuid oibre ar feadh trí (lá) agus beidh tú críochnaithe leis.

7. Is fear gnó é m'athair agus tá deich (teach) aige.

8. Tá feirm ag m'uncail agus tá naoi (capall) aige

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad é do thuairim faoin aighneas seo?

Ar cheart don C.L.G an cluiche a chur siar mar gheall ar achomharc eile?

An gceapann tú gur fiú airgead mór a chaitheamh ar an gceiliúradh seo?

An gceapann tú gur cheart d' imreoirí peile agus iománaíochta íocaíocht a fháil?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1. Cathaoirleach	i. Chairperson
2. Ceanncheathrú	b. Headquarters
3. Comhairle	g. Council
4. Craoladh	f. Broadcast
5. Eagraíodh	c. Organized (past tense)
6. Gradam	j. Award
7. Laoch	e. Hero
8. Leathcheannais	d. Semi-Final
9. Seaimpíní	a. Champions
10. Uachtarán	h. President

Cathaoirleach Ceanncheathrú Comhairle Craoladh Eagraíodh
Gradam Laoch Leathcheannais Seaimpíní Uachtarán

Ceist 3

Agus ar **deireadh,** bhí craoladh mór cláir agus cluichí mar a chonaic sibh b'fhéidir ar an **stáisiún** seo inné do chomórtas bhunú C.L.G céad fiche is a cúig bliain ó shin. Mar chuid de, eagraíodh comórtas lucht féachana agus **saineolaithe** iomána agus peile, féachaint beirt laoch le cúig bliana fichid anuas a roghnú. Inné i Staid Semple bhí **príomhfheidhmeannach** TG4 Pól Ó Gallachóir, Uachtarán C.L.G. Christy Cooney agus cathaoirleach na moltóirí, an **craoltóir** Mícheál Ó Muircheartaigh i láthair leis an mbronnadh a dhéanamh. San iománaíocht, ní nach íonadh is é

réalt Sheamróige Bhaile hÉil agus Chill Chainnigh, Henry Shefflin a **roghnaíodh**. Ní raibh an 'Rí' é féin ann ach ghlac deirfiúr leis, Aileen Shefflin leis an **ngradam** ar a shon. Bhí Henry sa bhaile ag tabhairt aire dá bhean chéile, Deirdre agus don phaistín fir a saolaíodh dóibh Dé hAoine seo caite.

Ceist 4

1. Dé Domhnaigh a bhí an choimhlint idir Port Omna agus Baile Locha Riach socraithe.

2. Bunaíodh an C.L.G. céad fiche is a cúig bliana ó shin.

3. Is iad príomhfheidhmeannach TG4 Pól Ó Gallachóir, Uachtarán C.L.G. Christy Cooney agus an craoltóir Mícheál Ó Muircheartaigh a bhí i láthair chun an bronnadh a dhéanamh.

4. Imríonn Henry Shefflin le Seamróga Bhaile hÉil.

5. As Contae Chiarraí do Jack O'Shea.

Ceist 5

Bíonn urú ar na horduimhreacha ón a seacht go deich de ghnáth. Tógann na horduimhreacha idir dó agus sé séimhiú dé gnáth.

1. Níl aon chóta agam ach tá trí **chóta** ag mo mháthair.

2. Phéinteáil mé **bó** amháin agus caora amháin sa rang ealaíona.

3. Bhuaigh mé ocht **gcéad** euro sa chrannchur náisiúnta

4. Tá dhá **phota** cócaireachta agam i mo chistin.

5. Dúirt an siopadóir go bhfuil ceithre **chathaoir** agus ocht **bhfuinneog** fágtha aige.

6. Déan do chuid oibre ar feadh trí **lá** agus beidh tú críochnaithe leis.

7. Is fear gnó é m'athair agus tá deich **dteach** aige.

8. Tá feirm ag m'uncail agus tá naoi **gcapall** aige.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Cúrsaí Spóirt

Maolra Mac Donnchadha

Níos gaire do bhaile, ní imreofar cluiche ceannais sinsear iománaíochta Chontae na Gaillimhe Dé Domhnaigh seo chugainn mar a bhí beartaithe. Beidh moill ar an gcoimhlint idir seaimpíní na hÉireann Port Omna agus Baile Locha Riach nó go socrófar aighneas faoin gcluiche leathcheannais inar bhuail Baile Locha Riach, Mullach. Bhí sé ina réabadh tar éis[1] an chluiche sin nuair a bronnadh poc saor an bhua sna soicindí deireanacha déanacha in aghaidh Mhullaigh. Táthar siúd ag breithniú achomharc a lorg anois ag ceanncheathrú C.L.G. tar éis[2] dóibh achomharc os[3] comhair Chomhairle an Chúige a chailleadh.

Agus ar deireadh bhí craoladh mór cláir agus cluichí mar a chonaic sibh b'fhéidir ar an stáisiún seo inné do[4] chomórtas bhunú C.L.G céad fiche is a cúig bliain ó shin. Mar chuid de, eagraíodh comórtas lucht féachana agus saineolaithe iomána agus peile, féachaint beirt laoch le cúig bliana[5] fichid anuas a roghnú. Inné i Staid Semple bhí príomhfheidhmeannach TG4 Pól Ó Gallachóir, Uachtarán C.L.G. Christy Cooney, agus cathaoirleach na moltóirí, an craoltóir Mícheál Ó Muircheartaigh i láthair leis an mbronnadh a dhéanamh. San iománaíocht, ní nach ionadh, is é[6] réalta Sheamróga Bhaile hÉil[7] agus Chill Chainnigh, Henry Shefflin a roghnaíodh. Ní raibh an 'Rí' é féin[8] ann ach ghlac deirfiúr leis, Aileen Shefflin leis an ngradam ar a shon. Bhí Henry sa bhaile[9] ag tabhairt aire dá[10] bhean chéile, Deirdre agus don pháiste[11] fir a saolaíodh dóibh Dé hAoine seo caite.

Idir an dá linn sa pheil[12], Ciarraíoch ar ndóigh a roghnaíodh, duine de chlann Uí Shé ach ní as Ard an Bhóthair dó. Laoch na n-ochtóidí, fear a bhuaigh seacht mbonn uile Éireann, Jack O'Shea a fuair an gradam don pheileadóir is fearr a bhí ann le cúig bliana[13] fichid.

---

[1] Théis a deirtear i nGaeilge Chonamara
[2] Théis a deirtear i nGaeilge Chonamara
[3] As a deirtear go minic i nGaeilge Chonamara
[4] Go a deirtear go minic in ionad do
[5] Chúig bhliana fichid a deirtear
[6] 'Sé a deirtear
[7] Bhéal Átha hÉil a deirtear
[8] Fhéin a deirtear sa gcanúint
[9] Sa mbaile a deirtear. Tógann "sa" urú i gcanúint Chonamara
[10] Dhá a deirtear in áit dá
[11] Don "pháistín" a úsáidtear sa chaint do pháiste beag
[12] Sa bpeil a deirtear
[13] Chúig bhliana fichid a deirtear